

RÉ ÓRGA NA NGAEL

Joseph Cooper Walker
(1761-1810)

LESA NÍ MHUNGHAILÉ



An Clóchomhar
Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

An chéad chló 2013

© An Clóchomhar / Cló Iar-Chonnacht 2013

ISBN 978-1-906882-75-4

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail

Dearadh clúdaigh: Clifford Hayes



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge
as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon.

Is inphrionta de chuid Chló Iar-Chonnacht é An Clóchomhar.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, biodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: An Clóchomhar / Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-593307 Facs: 091-593362 r-phost: eolas@cic.ie

Priontáil: Nicholson Bass

I ndilchuibhne ar mo dheartháir Anthony

Clár

Noda	8
Admhálacha agus buíochas	9
Réamhrá	13
1. ‘The hidden treasures of this country’: Múscailt suime i léann agus i gcultúr na hÉireann san ochtú haois déag	19
2. ‘An Irishman of Ireland’s purest times’: Joseph Cooper Walker, scoláire	59
3. ‘This valuable and interesting library’: Leabharlann Joseph Cooper Walker i St. Valeri	95
4. ‘Endeared to many’: Ciorcal liteartha Walker	129
5. ‘My own juvenile and imperfect essay’: <i>Historical Memoirs of the Irish Bards</i>	171
6. ‘Some good information and some mistakes’: Freagairt na léirmheastoirí ar <i>Historical Memoirs of the Irish Bards</i>	235
Conclúid	260
Foinsí	267
Innéacs	287

Noda

AN	Lámhscríbhinní in Archives Nationale, Páras.
Beinecke	Lámhscríbhinní i Leabharlann Beinecke, Ollscoil Yale.
Cam.	Lámhscríbhinní i Leabharlann Fitzwilliam, Ollscoil Cambridge.
DCPL, GL	Lámhscríbhinní i Leabharlann Phoiblí Bhaile Átha Cliath, Leabharlann Gilbert.
LNÉ	Lámhscríbhinní i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.
ML	Lámhscríbhinní i Leabharlann Mitchell, Glaschú.
NAS	Lámhscríbhinní i gCartlann Náisiúnta na hAlban.
NLS	Lámhscríbhinní i Leabharlann Náisiúnta na hAlban.
NLW	Lámhscríbhinní i Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige.
Hunt.	Lámhscríbhinní i Leabharlann Henry Huntington, San Marino, California.
RIA	Lámhscríbhinní i Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann.
Ox.	Lámhscríbhinní i Leabharlann Bodleian, Oxford.
PRONI	Lámhscríbhinní in The Public Record Office of Northern Ireland, Béal Feirste.
TCD	Lámhscríbhinní i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Admh alacha agus Bu ochas

Thosaigh an saothar seo amach mar thr achtas PhD ar Joseph Cooper Walker agus a shaothar *Historical Memoirs of the Irish Bards* (1786), a cuireadh faoi bhr aid Ollscoil na h ireann Gaillimh sa bhliain 2001. Ba mhaith liom bu ochas   chro  a ghabh il leis an Ollamh M iche l Mac Craith as ucht na sti racha, an spreagtha agus na comhairle a chuir s  orm agus as ucht a chairdis. Ba iad l achta  Mh ich il ar an ocht  haois d ag, go h irithe ar Joseph Cooper Walker, Charlotte Brooke agus James Macpherson, le linn dom a bheith ag gabh il don bhunch im a ch adspreag mo sp is sa r imse staid ir seo. T im bu och freisin de bhail eile Roinn na Gaeilge as a gcuid taca ochta le linn dom bheith i mo mhac l inn ann, go h irithe an tOllamh Gear id Denvir, an Docht ir M irt n   Briain nach maireann, an Docht ir P draig   H ala  agus an tOllamh Breand n   Madag in. T  mo bhu ochas freisin tuillte ag an Ollamh Nicholas Canny a bh  ina sti rth ir ar an Ionad L inn um Staid ar ar an Lonna ocht Dhaonna agus Athr  Stairi il (Institi id de M ra),  it a raibh m  fostaithe idir 2001 agus 2004 mar chomhalta iardhocht ireachta ar an togra *The Ascendancy and the Gaelic World*, maoinithe faoin sc im PRTLTI ag an  dar s um Ard-Oideachas, an Plean Forbartha N isi nta agus an tAontas Eorpach. Mo bhu ochas

freisin le riarthóir an ionaid, Martha Shaughnessy. Cuireadh ar mo chumas breis taighde a dhéanamh don saothar seo i Leabharlann na Breataine, Leabharlann Bodleian, Oxford, agus Leabharlann Beinecke, Yale. Cuireadh maoiniú ar fáil dom freisin chun páipéir a thabhairt ar Joseph Cooper Walker ag an gcomhdháil *What ish my Nation? Constructions of Irish Identity from Medieval to Modern* i gColáiste na hOllscoile Corcaigh in 2002, ag comhdháil Gaeilge de chuid An Cumann Éire san Ochtú Céad Déag a reachtáladh i Luimneach sa bhliain 2002 agus ag Harvard Celtic Colloquium in 2003.

Tá mé faoi chomaoin ag m'iar-chomhghleacaithe i gColáiste Mhuire gan Smál, go háirithe an Dochtúir Eilís Ní Dheá agus an Dochtúir Úna Nic Einrí, a léigh dréachtaí den saothar dom, agus mo chomhghleacaithe i Roinn na Gaeilge. Tá buíochas ag dul freisin don Oifig Taighde as an maoiniú chun páipéir a thabhairt ar Walker ag an gcomhdháil *France, Great Britain, and Ireland: Cultural transfers and the circulation of knowledge in the Age of Enlightenment*, Université Paris Diderot, Páras. Gabhaim mo bhuíochas le Nicholas Carolan, *Taisce Cheol Dúchais Éireann*, as eolas a chur ar fáil dom maidir le Walker. Táim faoi chomaoin freisin ag Cló Iar-Chonnacht, go háirithe ag Lochlainn Ó Tuairisg agus le Deirdre Ní Thuathail as an dua mór a caitheadh le cóiriú an téacs agus é a réiteach do na clódóirí. Gabhaim mo bhuíochas freisin leis an Ollamh Liam Mac Mathúna agus leis an Ollamh Alan Titley as a gcomhairle agus a dtacaíocht. Is mise amháin is cionsiocair as a bhfuil de lochtanna ar an saothar.

Ní bheadh an taighde ar an saothar seo indéanta gan an cúnaimh a fuair mé i leabharlanna éagsúla. Tá buíochas ag dul d'fhoireann na leabharlainne in Acadamh Ríoga na hÉireann,

go háirithe Siobhán Fitzpatrick; Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; seomra na lámhscríbhinní i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath agus Leabharlann James Hardiman i nGaillimh, go háirithe Marie Boran agus Margaret Hughes i seomra na mbailiúchán speisialta. Tá mé faoi chomaoin mhór ag Máire Kennedy i Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath as cóip dá tráchtas PhD a chur ar fáil dom mar aon le cóip den lámhscríbhinn DCPL, GL, 136, a bhí i seilbh Walker tráth. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na leabharlanna seo a leanas as cead tagairt a dhéanamh do chomhfhreagras Walker atá caomhnaithe iontu: Leabharlann Henry Huntington i gCalifornia; Bord Choláiste na Tríonóide; Leabharlann na Breataine; Leabharlann Fitzwilliam, Cambridge; Leabharlann Phoiblí Bhaile Átha Cliath, Leabharlann Gilbert; Leabharlann Bodleian, Oxford; Leabharlann Náisiúnta na hAlban, Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Leabharlann Mitchell, Glaschú; Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige agus The Public Record Office of Northern Ireland, Béal Feirste.

Gabhaim mo bhuíochas ó chroí le mo mháthair, Mary, agus mo dheartháireacha Gavin agus Cormac as a gcuid tacaíochta i gcónaí. Tá an saothar tiomnaithe do mo dheartháir Anthony. Tá buíochas speisialta ag dul do bheirt, áfach, toisc go mbeadh sé dodhéanta an saothar seo a chur i gcrích gan a gcuid tacaíochta: m'íníon Doireann as a cuid foighne agus tuisceana le linn na mblianta fada atá caite agam i mbun taighde, agus an Dochtúir Eoin Magennis, a roinn a chuid saineolais ar stair an ochtú haois déag go fial flaithiúil liom, a phléigh ábhar an tsaothair go mion agus go minic liom agus a rinne moltaí ar fónamh ina thaobh, a spreag mé tráth an drochmhisnigh agus a thacaigh liom i gcónaí.

Réamhrá

Bhí baint mhór ag an tírghrá, a bhí ag borradh i measc baill den uasaicme Phrotastúnach sna 1780idí, leis an ársaitheoir Joseph Cooper Walker (1761-1810) a spreagadh chun a shaothar ceannródaíoch *Historical Memoirs of the Irish Bards* (1786) a scríobh, saothar a bhí báuil leis na Gaeil agus lena gcultúr agus a raibh tionchar nach beag aige ar scoláirí comhaimseartha eile a spreagadh chun ábhar ó thraidisiún na Gaeilge a bhailiú agus a aistriú go Béarla. Cé nach as traidisiún na nGael a tháinig Walker, chuir sé spéis ina n-oidhrecht agus léirigh sé tuiscint ar shaibhreas liteartha agus ársaíochta na hÉireann. Mar a mhínigh sé dá chomhfhreagraí an scoláire Gaeilge Cathal Ó Conchubhair: ‘What a pity that the hidden treasures of this country are not sought for! Would to heaven the spirit of industry would go abroad in this kingdom and save its inhabitants from their present state of supineness (*sic*). In fact, we sleep over our internal wealth’ (Hunt. STO 1369). Bíodh is gur fhan sé dílis do choróin Shasana le linn a shaoil ar fad, bhreathnaigh sé air féin mar Éireannach agus b’fhacthas dó go bhféadfadh sé bheith dílis dá oidhrecht Éireannach agus Sasanach.

D’ainneoin tábhacht an taighde a rinne Walker agus scoláirí Protastúnacha eile mar é agus a ról mar phátrúin do

scríobhaithe agus do scoláirí Gaeilge agus mar chaomhnóirí ábhar ó lámhscríbhinní Gaeilge, is beag suim atá curtha ag scoláirí Gaeilge sa ghluaiseacht ársaíochta trí chéile taobh amuigh de chuntas Alan Harrison ar an scoláire agus ministéir Protastúnach Uaine Réamonn (Anthony Raymond) (1675-1726) agus a phátrúnacht ar mhuintir Neachtain i mBaile Átha Cliath ag tús an ochtú haois déag; an mionchuntas a thug R. A. Breatnach ar Walker agus ar Charlotte Brooke (c.1740-93) agus an obair thábhachtach a rinne Mícheál Mac Craith ar Charlotte Brooke agus ar Charles Henry Wilson (c.1756-1808) (Harrison 1998; Breathnach 1965; Mac Craith 2000; Mac Craith 2002). Taobh amuigh de réimse na Gaeilge, thug Donal O’Sullivan agus Robert Welch mionchuntais ar Walker agus *Historical Memoirs* sna 1950idí agus 1980idí faoi seach (O’Sullivan 1958; Welch 1988). Is é an saothar is cuimsithí a foilsíodh ar Walker go dtí seo ná alt de chuid Monica Nevin a foilsíodh ina dhá chuid in *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* (Nevin 1996; Nevin 1997). I réimsí na staire agus na litríochta comparáidí, is iad Joep Leerssen in *Mere Irish and Fíor-Ghael* (Leerssen 1986 agus 1996), Leith Davis in *Music, Postcolonialism and Gender* (Davis 2006) agus Clare O’Halloran in *Golden Ages and Barbarous Nations* (O’Halloran 2004) na scoláirí is déanaí a léirigh spéis i Walker agus na saothair éagsúla a chuir sé i dtoll a chéile mar chuid de ghluaiseachtaí níos leithne.

Ba í an fhaillí a rinneadh i Joseph Cooper Walker, i réimse na Gaeilge go háirithe, a spreag mé ar an gcéad dul síos chun tabhairt faoin saothar seo agus cuntas níos iomláine a thabhairt ar a shaol, a shaothar *Historical Memoirs* agus chun breathnú ar na tionchair éagsúla a chuaigh i bhfeidhm air. B’arsaitheoir é Walker agus tháinig ann don saothar sin mar thoradh ar an

ngluaiseacht ársaíochta a bhí faoi lánseol in Éirinn agus ar fud na hEorpa i rith an ochtú haois déag. Bhí brí níos leithne le baint as na téarmaí ársaitheoir agus ársaíocht san ochtú haois déag ná mar atá sa lá atá inniu ann. Bhí tuiscintí comhaimseartha éagsúla ar fheidhm an ársaitheora agus ar fheidhm an staraí agus is deacair idirdhealú cinnte a dhéanamh eatarthu toisc go mbíodh an duine céanna ag gabháil don dá réimse uaireanta. Ach, go hachomair, mar seo a leanas a rinneadh idirdhealú idir an dá ról: ‘historians were often deemed philosophers, concerned largely with the dissection of underlying historical causes, antiquaries with the critical establishment of fact’ (O’Halloran 2004, 2). Ina shaothar *A Treatise on the Study of Antiquities as a Commentary to Historical Learning* (1782), cháin Thomas Pownall botúin an ársaitheora fhalsa: ‘First; that of forming too hastily visionary systems; and Second; That of making endless and useless collections of relics and fragments without scope or view to any one point’ (Pownall 1782, v). Ina áit sin, mhol sé cur chuige a bheadh cosúil le stair shóisialta agus eacnamaíochta mar a thuigtear iad sa lá atá inniu ann:

The antiquary will so describe the community, whose acts are the subject of history, in the site and circumstances of the country which it inhabits, in its mode of possessing, and in its manner of living on it; he will give a detail of its wants, and of its resources, both in nature and art, he will so describe the component and acting parts, so mark its organization, its vegetative and animal procession, its growth, its utmost perfect state; and its decay, its defects, its diseases, and all the accidents which give occasion to the working of its natural or violent decease; that every

spring of movement, every accident, act, and operation, the cause and the reason, the end and effect of all, will be equally known to the reader, as though he was living amidst them under their influence. Without this knowledge we may read history, but it will be the story of a creature little known to us (Pownall 1782, 77).

Tá tuiscint ar an ngluaiseacht ársaíochta agus an ceangal a bhí aici le saol na Gaeilge ríthábhachtach chun tuiscint níos fearr a fháil ar chúrsaí cultúrtha agus sóisialta i gcaitheamh an ochtú haois déag agus ar an gcaidreamh a tharla idir roinnt Protastúnach agus Caitliceach, go háirithe. Iniúchann an saothar seo an caidreamh sin trí mhionstaidéar a dhéanamh ar shaol duine amháin a bhí lárnach sa ghluaiseacht ársaíochta. D'fhonn obair ársaíochta agus scríbhneoireachta Joseph Cooper Walker a thuiscint agus a chur i gcomhthéacs, caitear súil ar an gcúlra stairiúil ginearálta in Éirinn i gcaibidil a haon agus pléitear an borradh a tháinig ar an tsuim i gcúrsaí Ceiltise ó lár an ochtú haois déag ar aghaidh. Léirítear go raibh na coinníollacha cuí i bhfeidhm ionas go bhféadfaí saothar ar nós *Historical Memoirs* a chur i dtoll a chéile agus go mbeadh éileamh ar leabhar dá leithéid. Breathnaíonn caibidil a dó ar shaol Walker agus tugtar léargas ar an saghas duine a bhí ann trí mheán a chomhfhreagrais phearsanta. Pléitear a chaidreamh agus a chairdeas le scoláirí eile ar nós Charlotte Brooke, William Hayley (1745-1820), Edward Ledwich (1738-1823), Chathail Uí Chonchubhair (1710-91) agus an Easpag Thomas Percy (1729-1811). Mínítear na gnéithe difriúla a spreag a shuim i gcultúr agus i litríocht na tíre seo chun tuiscint a fháil ar cén fáth a scríobh sé *Historical Memoirs*.

Bhí nach mór trí mhíle leabhar ag Walker ina leabharlann

i St. Valeri, i gContae Chill Mhantáin. Iniúchann caibidil a trí na leabhair a bhí ann, cad as a dtáinig siad agus cuirtear an leabharlann i gcomparáid le leabharlanna príobháideacha eile san ochtú haois déag ó thaobh méid agus ábhair de. Déantar trácht go hachomair ar thionscal na clódóireachta agus díolachán leabhar san aois sin agus léirítear ar deireadh an t-eolas a thugann an leabharlann ar Walker féin agus ar a chuid oibre mar ársaitheoir.

Iniúchann caibidil a ceathair na ciorcail liteartha lena raibh baint ag Walker agus an ról tábhachtach a bhí aige mar idirghabhálaí idir na scoláirí eile. I measc na scoláirí sin bhí Melchior Cesarotti (1730-1808), Thomas Percy, an Bhantiarna Moira (1731-1808), Cathal Ó Conchubhair, an tUrramach Charles O’Conor (1764–1828), Richard Gough (1735-1809) agus David Irving (1778-1860). Déantar scagadh ar an gcomhfhreagas ó thaobh ábhair de: cúrsaí ársaíochta go ginearálta; an malartú eolais agus tuairimí a bhíodh ar bun acu; an chomhairle a chuir a chomhfhreagraithe air agus é i mbun taighde do *Historical Memoirs*; agus cuid den phlé ar chúrsaí polaitíochta a thagann chun cinn sa chomhfhreagas. Pléitear an comhfhreagas mar shampla de neamhchlaontacht Walker agus dá chumas taidhleoireachta.

Tugann caibidil a cúig mionchur síos ar *Historical Memoirs*. Is é sin le rá, cé mar atá an saothar leagtha amach agus céard iad na tuairimí a nocht Walker ann chomh maith leis na foinsí a d’úsáid sé. Déantar trácht freisin ar na díospóireachtaí éagsúla a bhí faoi lánseol i saol na hársaíochta agus an tionchar a d’imír siad ar shaothar Walker. Déantar tionchar shaothar Ossian le James Macpherson a chíoradh freisin. Cé go raibh Walker tógtha le hOssian agus gur ghlac sé le roinnt de thuairimí Macpherson, léirigh sé in *Historical Memoirs* gur chreid sé gur

de bhunú na hÉireann iad na scéalta fiannaíochta agus gur ón tír seo, mar sin, a fuair an tAlbanach iad ar an gcéad dul síos. Go minic bíonn an chosúlacht ar an scéal nach raibh Walker cinnte faoi cén taobh den chonspóid ba chóir dó a thógáil. Níor cháin sé Macpherson, ach rinne sé iarracht cuid de bhotúin an Albanaigh a shonrú. Déantar trácht freisin ar bheathaisnéisí Thoirdealbhadh Uí Chearbhalláin agus Cormac Common a d'fhoilsigh Walker mar aguisín leis an saothar.

Breathnaítear i gcaibidil a sé ar an gcineál fáilte a cuireadh roimh an leabhar nuair a foilsíodh é. Ba iad Cathal Ó Conchubhair, an t-ársaitheoir ó Chontae Chill Dara, William Beauford (1735-1819), agus Edward Ledwich ba mhó a raibh teagmháil aige leo roimh ré agus a nocht tuairim ionraic ina thaobh dó tar éis don saothar a bheith foilsithe. Bhí sé ar intinn ag Walker an dara heagrán a fhoilsiú agus thosaigh sé ar na leasuithe láithreach bonn. Cuireadh in iúl dó sa deireadh, áfach, nach mbeadh dóthain éilimh ann don dara heagrán agus dhírigh sé a aigne ar ábhair eile dá bharr. Tugtar cuntas, freisin, ar na léirmheasanna éagsúla a rinneadh ar *Historical Memoirs* in Éirinn, i Sasana, sa Fhrainc agus san Iodáil. Déanann an chaibidil dheireanach tábhacht Joseph Cooper Walker agus a shaothar scoláireachta ar ársaíocht na hÉireann a mheas agus pléitear an tionchar a bhí ag an saothar ar scoláirí agus ar údair chomhaimseartha eile mar Charlotte Brooke agus Sydney Owenson.

Nóta eagarthóireachta

Fágadh na sleachta Béarla faoi mar atá siad sna lámhscríbhinní ach amháin gur dearnadh normalú ar an bponcaíocht agus gur scaoileadh roinnt noda.

1. ‘*The hidden treasures of this country*’ Múscailt suime i léann agus i gcultúr na hÉireann san ochtú haois déag

Sochaí ilghnéitheach a bhí in Éirinn i gcaitheamh an ochtú haois déag ó thaobh cúrsaí creidimh, polaitíochta agus cultúrtha de. I measc na ngrúpaí a mhair le hais a chéile sa tír bhí móramh Caitliceach, mionlach Anglacánach, a raibh an lámh in uachtar go polaitiúil agus go heacnamúil acu agus a thug an náisiún Protastúnach Éireannach orthu féin, Preispitéirigh agus easaontóirí eile ar nós na nÚgónach, na bPalaitíneach agus Chumann na gCarad. Ó thaobh cúlra eitneach de, chuimsigh na grúpaí sin Gaeil, sean-Ghail, nua-Ghail agus Albanaigh Uladh. Maidir le nádúr an chaidrimh idir na grúpaí éagsúla, cé go raibh teannas eatarthu ní hé sin le rá go raibh an scoilt idir an dá thraidisiún ba mhó, is é sin le rá na Gaeil agus an aicme phribléideach ar tugadh an uasaicme Phrotastúnach orthu ó na 1780idí ar aghaidh, chomh mór sin gur ar éigean a bhí aon chaidreamh eatarthu mar a d’aitigh Dónall Ó Corcora ina leabhar cáiliúil *The Hidden Ireland* (1924). Sa saothar sin léirigh sé na Gaeil mar phobal bocht aonghnéitheach, a bhí scoite amach ón gcuid eile den tsochaí agus lonnaithe in áiteanna iargúlta i bhfad ó na bailte móra

(Corkery 1924, 19–20). Tuigtear anois, áfach, gur ‘léiriú idéalaithe róshimplithe atá easnamhach éagóireach’ a bhí tugtha ag an gCorcorach agus go mbíodh caidreamh rialta idir na traidisiúin éagsúla (Cullen 1969, 7–47; Ó Buachalla 1979, 117; Kiberd 2002, 1–2; Ní Mhunghaile 2012, 218–42). Mar atá áitithe ag Sean Connolly: ‘the picture, as elsewhere in ancien régime Europe, was of a deeply unequal society, but one in which there were complex relationships of exchange and interaction between different cultural groups and different social levels’ (Connolly 2008, 328). Ina theannta sin, níl aon amhras ach go raibh struchtúr sóisialta na tíre i bhfad ní ba chasta ná mar a thug Ó Corcora le fios. Faoin tuath, mar shampla, bhí céimiúlacht ilsrathach de shaothraithe, choiteoirí, fheirmeoirí tionónta, fhéaránaigh agus mheáncheannaithe ann, agus taobh istigh den phobal Gaelach Caitliceach bhí ilghnéitheacht aicmí le sonrú, ina measc meánaicme a thosaigh ag dul i méid ó lár an chéid ar aghaidh (Connolly 2008, 339; Morley 2002, 2; Morley 2005, xii). Bhí pobal Gaelach lonnaithe sna bailte móra, freisin, áit ar leanadh de shaothrú na litríochta le linn an chéid agus a mbíodh pátrúnacht á fáil acu ó Phrotastúnaigh (Ó Buachalla 1968; Ó Buachalla 1979; Harrison 1988; Buttimer 1993; Ní Urdail 2000).

Léargas amháin ar an teagmháil idir an dá chultúr is ea an fás a tháinig ar an dátheangachas ó lár an chéid ar aghaidh, cé gurbh í an Ghaeilge teanga dhúchais bhunáite an daonra fós (Ó Ciosáin 1997, 6; Ní Mhunghaile 2012, 218–42). Sampla den dátheangachas sin is ea na hamhráin mhacarónacha a tháinig chun cinn le linn an ochtú haois déag, rud a thugann le fios go raibh idir Ghaeilge agus Béarla ag an lucht léinn agus ag an bpobal ar a raibh a saothair dírithe (Ó Muirthe 1980; Mac Mathúna 2007, 183–217). Bhíodh an Béarla á

múineadh sna scoileanna scairte agus is cosúil gur trí mheán an Bhéarla a d'fhoghlaimítí an scríbhneoireacht freisin (Ó Ciosáin 1997, 154). Ina chuntas ar a chuid taistil ar fud Chonnacht ag tús an naoú haois déag, dhírigh an gníomhaire talún Edward Wakefield (1774-1854) aird ar chumas na n-uaisle cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge: 'In the province of Connaught the gentry understand Irish, which facilitates their intercourse with the peasantry; therefore, they are, consequently, enabled to become acquainted with their wants, to assist them with advice, and restrain them by admonition' (Wakefield 1812, II, 754). Bhíodh eolas éigin ar an dá theanga ag teastáil ar bhonn laethúil ar na heastáit mhóra agus sna tithe móra, áit a mbíodh na Gaeil fostaithe mar shearbhóntaí agus mar bhanaltraí, agus is cinnte go gcloiseadh páistí na n-uaisle iad ag labhairt Gaeilge eatarthu féin (Kiberd 2002, 4). Is cosúil, mar shampla, gur chuala údar *Reliques of Irish Poetry* (1789), Charlotte Brooke, duine de shaothraithe a hathar ag léamh scéalta fiannaíochta os ard ó sheanlámhscríbhinní Gaeilge amuigh sna páirceanna agus í ina páiste (Walker 1786, 41). Rud eile de, leanadh den nós ársa in áiteanna éagsúla sa tír páistí na n-uaisle a chur ar altramas go dtí teaghlach feirmeora sa cheantar máguaird mar a tharla i gcás an bhreithimh Robert Day (1746-1841) i gContae Chiarraí (Day 1938, 33). Ar an mbonn sin, d'fhoghlaim siad an Ghaeilge agus chuir siad eolas ar shaol na cosmhuintire. I gcúrsaí riaracháin an stáit bhí an Béarla in uachtar, dar ndóigh, ach tá fianaise ann go mbíodh an Ghaeilge in úsáid sa chóras dlí ó am go chéile (Ní Mhunghaile 2011a, 325-58; Phelan 2013). Bhí Gaeilge ag roinnt abhcóidí agus d'fhoghlaim breithiúna áirithe í, daoine mar Barry Yelverton (1736-1805) (Tiarna Avonmore) agus an Barún Smith (1766-1836), ionas

nach mbeadh orthu brath ar theangairí sa seomra cúirte mura raibh Béarla ag an bhfinné (Ó Madagáin 1974, 17n). Maidir le cúrsaí gnó, cé go raibh Béarla ar a dtoil ag an meánaicme Chaitliceach, fós féin bhíodh an Ghaeilge de dhíth go minic ar an uasaicme Phrotastúnach chun earraí a cheannach agus seirbhísí a lorg. Ba mhínic freisin a bhíodh teagmháil ag na huaisle leis an gcultúr dúchasach ós rud é go mbíodh píobairí agus cruitirí Gaelacha mar Thoirdealbhach Ó Cearbhalláin agus Art Ó Néill fós á bhfostú sna tithe móra. Ina theannta sin, ghlacadh na huaisle páirt i bhféilte áitiúla agus d'fhreastailídís ar na cluichí dúchasacha ar nós na hiománaíochta. Is amhlaidh go mbíodh páirt ghníomhach ag cuid den uasaicme i riaradh an spóirt sin agus is cosúil go mbíodh cuid acu ag imirt an leagáin den chluiche a d'imrítí i rith an tsamhraidh i gCúige Laighean agus sna contaetha máguaird, daoine mar John Cuffe, Barún Desart (Sean ' Chaipín) (1730-67) i gCill Chainnigh (Ó Caithnia 1980, 24-52; Connolly 1998, 13).

Léargas eile ar an gcaidreamh idir an dá chultúr is ea scoláirí dúchasacha a bheith fostaithe ag scoláirí agus ársaitheoirí Protastúnacha i gcaitheamh an ochtú haois déag chun lámhscríbhinní agus seancháipéisí i nGaeilge a chóipeáil agus a aistriú dóibh (O'Rahilly 1912-13, 156-162; Ní Shéaghdha 1989, 41-54). Thug Diarmaid Ó Catháin 'shadowy figures' ar na daoine sin, a thuill a mbeatha i ndomhan an Bhéarla agus ar éirigh leo bogadh go héasca idir an dá thraidisiún (Ó Catháin 1987, 87). Go deimhin, is iomaí scoláire a bhí ag brath go láidir ar an bpátrúnacht sin. Ba phátrúin thábhachtacha iad na hársaitheoirí Protastúnacha agus ghlac siad ionad na bpátrún traidisiúnta tar éis don seanchóras Gaelach dul i léig. Ní hé sin le rá, dar ndóigh, gur

éirigh an chléir Chaitliceach as an bpátrúnacht a thug siad do na scoláirí Gaelacha go huile is go hiomlán. Lean siad leis an bpátrúnacht sin agus, go deimhin, ba iad ‘na pátrúin ba líonmhaire agus ba thábhachtaí a bhí ag an lucht léinn agus éigse san 18ú haois’ (Ó Tuathaigh 1986, 111-2). Is ar an uasaicme Phrotastúnach agus an bhaint a bhí acu le caomhnú léann na Gaeilge a bheifear ag díriú sa saothar seo, áfach. Rinne cuid de na pátrúin Phrotastúnacha sin iarracht an Ghaeilge a shealbhú, agus iad siúd nár éirigh leo é sin a dhéanamh, chuaigh siad i muinín scoláirí agus scríobhaithe dúchasacha a chuir aistriúcháin Bhéarla agus cóipeanna de lámhscríbhinní ar fáil dóibh, agus bhí baint dhíreach ag cuid acu le caomhnú an léinn agus seanlámhscríbhinní na tíre seo mar thoradh air sin. Ó lár an tseachtú haois déag go dtí tús an ochtú haois déag thug Arthur Brownlow (1645-1712), bailitheoir lámhscríbhinní ó Ard Mhacha, pátrúnacht do scríobhaithe agus filí Gaeilge i gceantar Oiriaila mar Phádraig Mac Óghanain (Ó Buachalla 1982, 24-8; Cunningham agus Gillespie 1986, 27-36). Thug an scríobhaí agus péintéir araltach ó Luimneach, Diarmaid Ó Conchubhair (c.1690-c.1730) cúnamh d’Uaine Réamonn, a bhí ina bhicéaire ar Bhaile Átha Troim i gContae na Mí, lena thaighde ar stair na hÉireann agus é ar intinn ag Réamonn aistriúchán de *Foras Feasa ar Éirinn* le Seathrún Céitinn a fhoilsiú (Ó Catháin 1987, 79-84). Thug Réamonn pátrúnacht, freisin, do bhaicle beag scríobhaithe i mBaile Átha Cliath, ina measc Aodh Buí Mac Cruitín (c.1680-1755) agus Stiabhna Rís, a raibh dlúthbhaint acu leis na scoláirí Gaeilge Seán Ó Neachtain (c.1640-1729) agus a mhac Tadhg (c.1671-c.1749), a bhí ag cur fúthu i mBaile Átha Cliath (Ó Háinle 1986, 106-21; Harrison 1988, 56-85). Scoláire Protastúnach i mBaile Átha Cliath ba ea an t-ársaitheoir agus

dlíodóir Francis Stoughton Sullivan (1715–66), a d’fhoilsigh eagrán criticiúil de *Leabhar Gabhála Éireann* i 1764. Idir 1742 agus 1758 bhí an scríobhaí Aodh Ó Dálaigh, a raibh baint aige le ciorcal Neachtain, fostaithe aige chun cóipeanna de *Leabhar Gabhála* mar aon le lámhscríbhinní eile a dhéanamh dó (O’Sullivan 1976, 231). Faoi 1763 bhí sé beartaithe ag Sullivan eagrán scolártha de *Annála na gCeithre Máistrí* a fhoilsiú agus d’fhostaigh sé an scríobhaí Muiris Ó Gormáin (c.1710-1793) chun cóipeanna agus aistriúcháin a sholáthar. Ghlac an staraí agus leabharlannaí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Thomas Leland (1722–85) áit Sullivan mar phátrún nuair a cailleadh é agus d’fhostaigh sé an Gormánach thar thréimhse roinnt blianta (O’Sullivan 1976, 231-4; Ní Mhungaile 2009, 215-35). I measc na bpátrún eile, bhí James Caulfeild, an Tiarna Charlemont (1728-1799); Elizabeth Rawdon, an Bhantiarna Moira; an polaiteoir ó Chontae an Chláir Sir Lucius O’Brien (1731-95) agus Áiritheoir an Státchiste, William Burton Conyngham (1733-1796).

Ar an ábhar sin, léiríonn na samplaí seo ar fad nach fíor a rá, mar a mhaígh Ó Corcora, go raibh an uasaicme Phrotastúnach dall ar shaíocht na Gaeilge agus go raibh foinsí áirithe ann nach raibh fáil ag an traidisiún sin orthu (Corkery 1924, 6-7). Léireofar thíos nach raibh sé sin fíor i gcónaí, go háirithe i gcás phríomhábhar an tsaothair seo, Joseph Cooper Walker, agus a chomh-ársaitheoirí. Díreofar sa chaibidil seo ar an gcúlra stairiúil agus cultúrtha in Éirinn le linn an ochtú haois déag agus pléifear na tosca éagsúla a chuidigh chun an spéis nua sin sa léann dúchais a spreagadh i measc na bProtastúnach.

An Uasaicme Phrotastúnach

Bhain an uasaicme Phrotastúnach, ar de shliocht lonnaitheoirí nua-Ghail iad a bhformhór, ceannasaíocht amach i ndiaidh Chogadh an Dá Rí (1689-91) agus tháinig athrú ó bhonn ar an gcóras polaitiúil sa tír dá réir. Ar chúiseanna éagsúla, áfach, d'fhan an stádas nua a bhí bainte amach acu éiginnte go dtí na 1720idí (McBride 2009, 195-6). Mar sin, chun a gcumhacht agus a neart sa tír a leathnú agus a dhaingniú, ritheadh sraith achtanna tríd an bparlaimint i mBaile Átha Cliath, ar tugadh na dlíthe frithpháireachta orthu, idir 1695 agus na 1720idí. Bhain na dlíthe sin le cúrsaí míleata, cúrsaí eaglasta, cúrsaí eacnamaíochta agus cearta polaitiúla agus bhí siad dírithe ar shaol na gCaitliceach sa tír, idir chléir agus tuath. Cé nach bhfuil staraithe ar aon fhocal maidir le déine agus le héifeacht na ndlíthe sin, ní féidir a shéanadh go raibh sé mar thoradh orthu go raibh bac ar Chaitlicigh páirt ghníomhach a ghlacadh i riaradh an stáit go dtí deireadh an chéid (Wall 1961; Connolly 1992, 263-313; McGrath 1996, 25-46; Kelly 2000, 144-74; Connolly 2008, 197-203, 250-9; McBride 2009, 194-214; Bergin, Magennis et. al., 2011).

De réir a chéile, ó thús an ochtú haois déag ar aghaidh, thosaigh an lucht ceannais ag déanamh machnaimh ar a ngaol le Sasana, mar a bhí ag tarlú i gcás a macasamhail i gcoilíneachtaí eile na Breataine agus i ríochtaí ar fud na hEorpa sa nua-aois luath (Canny 1987, 159-212; Kidd 1999, 177). Ar cheann de na deacrachtaí a bhí acu, bhí dhá ról acu a bhí ag teacht salach ar a chéile. Ar an gcéad dul síos, ba ghéillsinigh dhílse Shasanacha iad, agus ar an dara dul síos ba shaoránaigh de Ríocht na hÉireann iad, a raibh fonn orthu idirdhealú a dhéanamh eatarthu féin agus na Gaeil. De réir a

chéile, baineadh feidhm as an téarma ‘the protestant interest’ le cur síos a dhéanamh orthu féin, téarma a thug tús áite dá gcreideamh agus a sheachain ceist chonspóideach na heitneachta (Barnard 1998, 208). Bhreathnaigh siad ar an bparlaimint i mBaile Átha Cliath mar mheán chun a gcearta féin a dhaingniú chomh maith le srian a chur le cearta na gCaitliceach, ach bhí sé ina chnámh spairne acu nach raibh cead ag an bparlaimint a cuid billí féin a rith ach tríd an Ríchomhairle amháin. Bhí eacnamaíocht na tíre ag fulaingt de bharr na mbacanna trádála a bhí curtha uirthi ag parlaimint Shasana agus tuigeadh don uasaicme Phrotastúnach nach chun leasa na hÉireann i gcónaí iad polasaithe eacnamaíochta Shasana. I measc na gcúinsí eile a chuir le coimthiú na bProtastúnach, bhí a n-ímní go dtacódh rialtas na Breataine leis na heasaontóirí Albanacha, a bhí tar éis lonnú i gCúige Uladh sna 1690idí, ina gcoinne; a n-éiginnteacht i dtaobh céard a bhí i gceist ag Westminster a dhéanamh maidir le húinéireacht talún in Éirinn, agus a bhfaltanas le ceapachán Sasanach sna príomhphostanna sa bhreithiúnacht, san eaglais agus sa rialtas i mBaile Átha Cliath (Canny 1987, 206). Tháinig an ghluaiseacht thírghrách chun cinn a mhaigh nach coilíneacht a bhí in Éirinn ach ríocht a bhí ar comhchéim le Sasana. Maíodh, freisin, go raibh an gaol idir an dá thír cothrom agus samhlaíodh an gaol go minic sa litríocht mar dheartháireacha nó mar dheirfiúracha. Díol spéise é, áfach, gur shamhlaigh roinnt scríbhneoirí Sasanacha an caidreamh mar mháthair agus páiste agus bhí ról an pháiste ag Éirinn i gcónaí (Hill 1988, 102; Bartlett 1988, 47; Bartlett 2004, 70-2). D’fhoilsigh William Molyneux (1656-98), feisire de chuid Pharlaimint na hÉireann, paimfléad dar theideal *The Case of Ireland’s being bound by Acts of Parliament in England* sa bhliain

1698 inar ionsaigh sé polasaí Shasana i leith na hÉireann. Mhaígh sé gur ríocht ar leith a bhí in Éirinn, a rialaigh í féin agus gurb é an t-aon bhealach a raibh sí aontaithe leis an mBreatain ná leis an gcoróin (Connolly 2000, 135-7). Ba é sin an chéad ionsaí a rinne aon bhall den uasaicme Phrotastúnach sa tír seo ar an bpolasaí go dtí sin, rud a thug le fios go raibh a ndílseacht do choróin Shasana ag teacht faoi bhrú. Chuidigh *The Drapier's Letters* (1724-5), a scríobh Jonathan Swift (1667-1745) faoin ainm cleite Drapier (siopadóir), go mór le spiorad an tírghrá a mhúscailt sna 1720idí. Sraith de sheacht bpaimfléad a bhí i gceist, a raibh saoirse reachtaíochta d'Éirinn faoi choróin Shasana mar théama acu agus é mar phríomhaidhm acu Protastúnaigh a aontú chun cur i gcoinne an bhealaigh a raibh Sasana ag caitheamh le hÉirinn mar choilíneacht.

De réir a chéile, mar sin, thosaigh Protastúnaigh na hÉireann á n-ionannú féin leis an tír inar rugadh iad agus b'fhacthas dóibh go raibh gá le méid áirithe neamhspleáchais a bheith acu maidir le cúrsaí trádála agus riaracháin, cé gur thuig siad nach bhféadfaidís a bheith iomlán neamhspleách ar Westminster toisc go mbeadh siad ag brath uirthi i gcás éirí amach nó dá ndéanfaí ionradh ar an tír. An chéad chéim a tharla sa phróiseas sin ná gur thugadar 'Éireannaigh' nó 'Sasanaigh' orthu féin de réir mar a d'fheil sé don chás a bhí á dhéanamh acu, ach ansin, diaidh ar ndiaidh, níor thugadar ach 'Éireannaigh' orthu féin (Hayton 1987, 146-7, 149; Kelly 1989, 93-128; Bartlett 1990, 11-25; Connolly 1992, 119-24). Tá an dioscúrsa sin le sonrú i ndrámáí Béarla a cumadh in Éirinn mar *The True-Born Irishman* (1761) le Charles Macklin, *The Siege of Tamor* (1773) le George Howard agus *The Patriot King; or, Irish Chief* (1774) le Francis Dobbs, agus i saothair mar *Historical Memoirs*